

Lá Fhéile Bríde

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheantraidisiún i gContae Chiarraí. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír?

being celebrated
in the shape of
the age of the pagans
love, affection
more ancient
goddess
a small cross
it's like
release
chains
happiness, joy



Anois féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus cum ceisteanna fúithi le cur ar an duine in aice leat. Mar shampla:

Cén áit atá i gceist sa mhír?

Ceist 3

'... níos ársa...'

1. An féidir leat smaoineamh ar aidiachtaí atá comhchiallach leis na cinn seo a leanas?

sean, dóighiúil, dána, cáiliúil, buartha

2. Cén bhreischéim atá ag na haidiachtaí comhchiallacha sin?

Ceist 4 ‘...faoi bhun...’

Cuirtear séimhiú go minic tar éis na réamhfhocal simplí, ach **ní i gcónaí!** Aistrigh na habairtí seo a leanas go Gaeilge. Bí cúramach leis an séimhiú!

The cat is under a chair.
The key is on a table in the room.
The captain is on board the ship.
The rabbit jumped out of a box.
Give Seán the book.
Take the money from Máire.
Liam went with Ciarán.

Ceist 5 ‘...Is geall le...’

Tá a lán nathanna ann sa Ghaeilge a bhfuil an focal ‘geall’ iontu. Cuir na cinn seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú.

- mar gheall ar
- bíodh geall go bhfuil
- bheith i ngeall le rud
- geall a chur

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoi Naomh Bríd?
2. Cén fáth ar bhain an Eaglais Chaitliceach úsáid as nósanna págánta chun a cré féin a chur chun cinn, dar leat?
3. Cad iad na mothúcháin a chuirtear in iúl sa mhír? Conas a chuirtear in iúl iad?

Treoracha agus Freagra

Ceist 1

being celebrated	<i>á cheiliúradh</i>
in the shape of	<i>i ndeilbh</i>
the age of the pagans	<i>ré na bpágánach</i>
love, affection	<i>gean</i>
more ancient	<i>níos ársa</i>
goddess	<i>bandia</i>
a small cross	<i>crosóg</i>
it's like	<i>is geall le</i>
release	<i>fuascailt</i>
chains	<i>slabhraí</i>
happiness, joy	<i>gliondar</i>

Ceist 2

Ceisteanna samplacha:
Conas atá an aimsir sa mhír?
Cén t-am den lá atá i gceist?
Cad é cúlra an traidisiúin?
Cad í an Bhrídeog nó *Biddy*?
Conas atá na daoine cóirithe?
Cad a dhéanann siad gach bliain?

Ceist 3

sean – níos sine / ársa – níos ársa
dóighiúil – níos dóighiúla / dathúil – níos dathúla
dána – níos dána / dalba – níos dalba
cáiliúil – níos cáiliúla / clúiteach – níos clúití
buartha – níos buartha / imníoch – níos imníche

Ceist 4

The cat is under a chair.
Tá an cat faoi chathaoir.
The key is on a table in the room.
Tá an eochair ar thábla/ar bhord sa seomra.
The captain is on board the ship.
Tá an captaen ar bord loinge.
The rabbit jumped out of a box.
Léim an coinín amach as bosca.
Give Seán the book.
Tabhair an leabhar do Shéan.
Take the money from Máire.
Bain an t-airgead de Mháire.
Liam went with Ciarán.
D'imigh Liam le Ciarán.

Ceist 5

mar gheall ar – on account of
bíodh geall go bhfuil – you can be sure
bheith i ngeall le rud – to be dependent on
geall a chur – to make a bet

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a bhí ag an rang iomlán a phlé le chéile.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh thar n-ais¹. Anois, tá Lá Fhéile Bríde á cheiliúradh ar fud na tíre inniu, ach maireann traidisiún ársa, ar a dtugtar an Bhrídeog, i gCill Ghobnait i gContae Chiarraí. Cé go mbíonn bábóigín i ndeilbh an naoimh á iompar sa Bhrídeog, meastar go dtéann an nós siar go dtí ré na bpágánach.

Seán Mac an tSíthigh

Tá Cill Ghobnait, faoi bhun Chorrán Tuathail, ar cheann de na háiteanna deiridh a bhfaighir² radharc ar shean-nós na Brídeoige. Gean faoi leith ag na daoine don bhféile.

Mike Coffey, Captaen na Brídeoige

This is the Brídeog that represents Saint Bridget herself. She is the most important.

Seán Mac an tSíthigh

Cé gurb í an naomh pátrúin Bríd atá á cheiliúradh anseo, meastar go bhfuil baint ag an nós seo le traidisiún i bhfad níos ársa.

Duine anaithnid

Tugtar Imbolc ar na féilte a bhí ag na Ceiltigh fadó agus bhí bandia darbh ainm Bríd ag na Ceiltigh. Agus, caithimid éadaí bána agus...le ribíní dearga agus glasa agus bíonn na crosóga againn. Is dóigh liom go mbaineann sé leis an solas agus an solas óna bhfuil an tEarrach ag teacht.

Seán Mac an tSíthigh

Is geall le fuascailt Brídeog na bliana seo, slabhraí na paindéime á scaoileadh.

Máire Ní Chonchúir, Brídeog Chill Ghobnait

The open air, the freedom, the longer days coming, it's amazing like.

Beirní Ní Choistealbha, Brídeog Chill Ghobnait

An comhluadar, na daoine go léir a fheiceáil, na páistí óga, agus a bheith ag damhsa agus ag canadh. Agus, tá gliondar croí orainn.

Seán Mac an tSíthigh

Steip gheal an dóchais faoi scáth na gCruach Dubh.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Cill Ghobnait i gContae Chiarraí.

¹ Leagan canúnach de ‘ar ais’.

² Leagan canúnach de ‘ina bhfaighidh tú’.